



**NCCA**

An Chomhairle Náisiúnta  
Curacláim agus Measúnachta  
National Council for  
Curriculum and Assessment

# Tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar cháipéisí eolais agus na treoracha don athbhreithniú ar ábhair Ardteistiméireachta i dTráinse 2

Meán Fómhair 2024

# An Clár Ábhar

<b>RÉAMHRÁ</b> .....	<b>1</b>
<b>CUID 1: AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN</b> .....	<b>2</b>
Freagraí ar an gcomhairliúchán.....	2
<b>CUID 2: AISEOLAS ÓN GCOMHAIRLIÚCHÁN</b> .....	<b>3</b>
<b>Cuntasaíocht</b> .....	<b>3</b>
Deiseanna agus Dúshláin .....	3
Tacaíocht d'athfhorbairt agus cur i bhfeidhm .....	4
<b>Staidéar Foirgníochta</b> .....	<b>5</b>
Deiseanna agus Dúshláin .....	5
Tacaíocht d'athfhorbairt agus cur i bhfeidhm .....	7
<b>Innealtóireacht</b> .....	<b>7</b>
Deiseanna agus Dúshláin .....	8
Tacaíocht d'athfhorbairt agus cur i bhfeidhm .....	9
<b>Béarla</b> .....	<b>10</b>
Deiseanna agus Dúshláin .....	10
Tacaíocht d'athfhorbairt agus cur i bhfeidhm .....	12
<b>Tíreolaíocht</b> .....	<b>13</b>
Deiseanna agus Dúshláin .....	13
Tacaíocht d'athfhorbairt agus cur i bhfeidhm .....	15
<b>Nascmhodúil Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT)</b> .....	<b>15</b>
Deiseanna agus Dúshláin .....	16
Tacaíocht d'athfhorbairt agus cur i bhfeidhm .....	18
<b>CUID 3: CONCLÚID AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE</b> .....	<b>20</b>
<b>TAGAIRTÍ</b> .....	<b>21</b>

## Réamhrá

An tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Foilsíodh tuarascáil chomhairleach (CNCM, 2022) i Márta 2022 i ndiaidh na freagartha ón Aire Oideachais, Norma Foley, TD. I measc na ngníomhartha a dtugtar breac-chuntas orthu sa Tuarascáil Chomhairleach, tá athbhreithniú ar chomhpháirteanna den churaclam atá ann cheana – ábhair, modúil agus cláir. I mí an Mhárta 2022, d'iarr an tAire Oideachais ar CNCM tabhairt faoi shraith gníomhartha chun tacú lena fíis maidir le sraith shinsearach athfhorbartha a chur i gcrích mar a leagadh amach in [Cothromas agus Sármhaitheas do Chách](#) (An Roinn Oideachais, 2022.) Príomhghníomh amháin a leagadh amach sa phlean seo ná go n-ullmhófaí sceideal d'ábhair agus modúil na sraithe sinsearaí lena n-athfhorbairt agus go gcuirfí faoi bhráid an Aire é lena fhaomhadh.

D'ullmhaigh CNCM sceideal ábhar le hathbhreithniú ina dhiaidh sin, agus d'eagraíodh na hábhair sin i roinnt tráinse. Cuirfear athfhorbairt na n-ábhar i dtráinse 2 i gcrích in 2025 lena dtabhairt isteach sna scoileanna i Meán Fómhair 2026. Chun bonn eolais a chur faoi athbhreithniú ar ábhair i dTráinse 2, forbraíodh Cáipéis Eolais agus Treoir do gach ábhar<sup>1</sup>.

Tugann na Cáipéisí Eolais forbhreathnú ar an gcomhthéacs reatha ina bhfuil athbhreithniú agus athfhorbairt na n-ábhar i dtráinse 2 ag tarlú, agus tá tuairimí na múinteoirí, na gceannairí scoile agus na scoláirí a bailíodh trí shraith cuairteanna scoile a rinneadh i sampla ionadaíoch scoileanna mar bhonn eolais acu. Cuimsíonn gach cáipéis breithniú ar fhorbairtí beartais ábhartha agus breathnaíonn sí ar an gcaoi a ndéantar soláthar do gach ábhar/modúl laistigh de churaclam na hÉireann faoi láthair. Cuimsíonn na páipéir forbhreathnú ar dheiseanna oideachais comhchosúla go hidirnáisiúnta, tríd an gcaoi a dtairgtear na réimsí curaclaim i ndlínsí éagsúla a léiriú sula gcríochnaíonn na cáipéisí le saincheisteanna a sainaitníodh lena mbreithniú i bhforbairt sonraíochta athbhreithnithe agus trí threoir bheartaithe a leagan amach chun obair na meithle forbartha a threorú.

D'fhaomh an Chomhairle na Cáipéisí Eolais seo le haghaidh comhairliúcháin ar an 21 Márta, 2024, agus bhí an comhairliúchán poiblí ar siúl ón 8 Aibreán go dtí an 17 Bealtaine, 2024. Ba é aidhm an chomhairliúcháin do na Cáipéisí Eolais ná tuairimí páirtithe leasmhara a lorg maidir leis na smaointe agus ceisteanna a leagadh amach ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi obair na meithle forbartha.

---

<sup>1</sup> Níor forbraíodh aon Cháipéis Eolais agus Treoir d'ábhar thráinse 2 an Chorroideachais toisc gur forbraíodh an tsonraíocht don ábhar seo le déanaí agus go ndearnadh Athbhreithniú Chur i bhFeidhm Luath in 2023 a thacóidh leis an meitheal forbartha lena gcuid oibre.

Léireoidh na codanna seo a leanas den tuarascáil na príomhthéamaí a cuireadh in iúl san aiseolas ón gcomhairliúchán. Tugtar achoimre i gCuid a hAon ar an bpróiseas comhairliúcháin. Tugtar léargas i gCuid a Dó ar an aiseolas ón gcomhairliúchán agus cuireann Cuid a Trí conclúid i láthair chomh maith leis na chéad chéimeanna eile a aithint.

## Cuid 1: An Próiseas Comhairliúcháin

Is príomhghné de chuid obair CNCM é comhairliúchán, ina n-imrönn an t-aiseolas ón bpobal, scoileanna, suíomhanna, grúpaí sainleasa oideachais agus páirtithe eile tionchar ar chomhairle. Sa chuid seo a leanas, tá cur síos ar an gcur chuige modheolaíochta a úsáideadh le linn an chomhairliúcháin a bhfuil na prionsabail a leagadh síos i Straitéis Taighde (2023) CNCM mar bhunús leis agus tugtar achoimre ann ar an rannpháirtíocht le linn an chomhairliúcháin.

### Freagraí ar an gcomhairliúchán

Bhí an comhairliúchán bunaithe ar shuirbhé ar líne le ceithre cheist a dhírigh ar na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le hathfhorbairt gach ábhair agus na tacaíochtaí a theastaíonn chun an t-ábhar a athfhorbairt agus a chur i bhfeidhm go rathúil.

Sonraítear sa tábla thíos an leibhéal rannpháirtíochta leis an gcomhairliúchán ar líne.

Ábhar	Líon na bhfreagraí
Cuntasaíocht	20
Staidéar Foirgníochta	66
Innealtóireacht	46
Béarla	122
Tíreolaíocht	42
GCAT	13

Tábla 1: Líon na bhfreagraí ar shuirbhé ar líne

Fuarthas aighneacht i scríbhinn freisin ó Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (NPC).

## Cuid 2: Aiseolas ón gchomhairliúchán

Tugtar léargas sa chuid seo ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin do gach ceann de na hábhair i dtráinse 2.

### Cuntasaíocht

Bhí 20 freagra ar an suirbhé ar líne don chomhairliúchán ar an gCáipéis Eolais agus Treoir do Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta (CNCM, 2024a). Thacaigh freagróirí i gcoitinne le hathfhorbairt Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta agus le tráthúlacht na hathfhorbartha sin. Tugann an rannpháirtíocht sa chomhairliúchán léargas luachmhar ar na deiseanna, na dúshláin, agus na tacaíochtaí riachtanacha chun Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta a athfhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus tá gach ceann acu leagtha amach thíos.

### Deiseanna agus Dúshláin

Thacaigh freagróirí ar fud an chomhairliúcháin le hathfhorbairt Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta, ag aithint an ghá atá leis an ábhar a nuachóiriú. Shonraigh roinnt freagróirí go bhfuil go leor de na cuntais atá clúdaithe i siollabas na hArdteistiméireachta faoi láthair as dáta agus gur gá cinn nua a chur ina n-áit le fírinní na cuntasaíochta nua-aimseartha a léiriú.

*The course is outdated, very heavy and very hard to get completed in two years. ...and there is no experience in using accounting packages online which is also used in industry (Suirbhé ar líne).*

Mhol roinnt freagróirí go bhfuil an iomarca sa chúrsa Ardteistiméireachta reatha chun breis agus 180 uair an chloig a chlúdach, agus go dtugann an athfhorbairt deis cothromaíocht níos fearr a aimsiú ó thaobh líon na dtopaicí atá le clúdach a laghdú. Mhol roinnt freagróirí go mbeadh sé go maith gnéithe nua ‘bunaithe ar theoiric’ a thabhairt isteach amhail eitic agus inbhuanaitheacht ó thaobh nuachóiriú a dhéanamh ar an gcúrsa. Mar sin féin, ag léiriú an phointe roimhe seo, chaithfí é seo a dhéanamh ar bhealach ionas nach mbeadh ualach iomarcach sa churaclam. Ina theannta sin, moladh go mbeidh sé dúshlánach gnéithe nua a thabhairt isteach san fhoghlaim, agus ag an am céanna gan cur isteach ar an gcineál réiteach fadhbanna agus ríomhanna an ábhair, rud a thaitníonn le go leor scoláirí sa chuntasaíocht.

*Cut down the course content to allow students the time to deepen their knowledge on crucial areas. Cut out topics that are not relevant or used regularly in the "real world" (Suirbhé ar líne).*

*Students enjoy the calculation elements and developing the skill. It's almost seen as a practical subject. If there is too much theory added in the new specification the subject will lose its appeal (Suirbhé ar líne).*

D'aithin roinnt rannpháirtithe an athfhorbairt mar dheis chun Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta a ailíniú níos dlúithe leis na gnéithe cuntasaíochta laistigh de Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí. Thug cuid acu faoi deara go bhfuil deis ann an méid a mheas cuid acu a bheith mar bhearna eolais san bhfoghlaim i Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí a dhúnadh. Thug daoine

eile faoi deara go mbeidh an cúrsa Cuntasaíochta Ardteistiméireachta athfhorbartha níos inrochtana i bhfianaise chineál ab initio an chúrsa nua agus d'aithin siad é mar dheis chun níos mó scoláirí a mhealladh.

*A student should be able to take up accounting in Senior Cycle without having completed Junior Cycle Business (Suirbhé ar líne).*

Dúirt go leor freagróirí go bhféadfadh tabhairt isteach gné dhigiteach nua deis a thabhairt chun an t-ábhar a nuachóiriú agus go bhféadfadh sé cabhrú le tuiscint a thabhairt don scoláire ar chuntasaíocht san fhórsa. Thug roinnt freagróirí le fios gur bhealach úsáideach é cuntasaíocht a fhoghlaim ag baint úsáid as scarbhileoga leis an ngné dhigiteach a ionchorprú san ábhar. Thug freagróirí rabhadh faoi rochtain ar theicneolaíocht agus mhol siad go mbeadh infheistíocht agus FGL araon ag teastáil chun a chinntiú go dtabharfaí isteach aon ghné dhigiteach atá beartaithe ar bhealach furasta.

*The IT element while it has merit will be very challenging to implement without much greater investment in IT equipment in schools. Our school has one computer lab and it is in regular use (Suirbhé ar líne).*

*The use of Excel in final account preparation & for analysis would be very interesting & is definitely an area that I would be interested in teaching (Suirbhé ar líne).*

D'fháiltigh go leor freagróirí roimh chomhpháirt mheasúnaithe a chur leis, chomh maith leis an scrúdú scríofa. Thug roinnt ábhar inné faoi deara maidir leis an bhfigiúr 40%, agus á dtabhairt le fios go bhféadfadh an t-ábhar, mar ábhar praiticiúil, leas a bhaint as an bhfigiúr 40% a mhéadú. Ina theannta sin, thug daoine eile faoi deara go bhfuil contúirtí bunúsacha ann maidir le comhpháirteanna measúnaithe a bheith ann i bhfianaise leathadh na hIntleachta Saorga (IS). Thug roinnt freagróirí faoi deara freisin go bhféadfadh comhpháirt mheasúnaithe a bheith ina ham tráthúil chun gné dhigiteach a leabú sa chúrsa. Mhol cuid acu go bhféadfadh cur chuige measúnaithe cumaisc a bheith ann, lena n-ionchorpraítear, mar shampla, cás-staidéar agus measúnú a ndéantar monatóireacht/modhnóireacht air agus chuir cuid eile béim ar acmhainneacht feidhmchláir dhigiteacha éagsúla.

*favour the suggestion of the potential use of a case study with students receiving it in advance before completing the assessment digitally under examination conditions, therefore removing the concern of AI (Suirbhé ar líne).*

## Tacaíocht d'athfhorbairt agus cur i bhfeidhm

D'aithin rannpháirtithe an tsuirbhé roinnt tacaíochtaí a measadh a bheith riachtanach chun an tsonraíocht chuntasaíochta a athfhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Áiríodh orthu seo FGL iomchuí sula dtabharfaí isteach an tsonraíocht athfhorbartha, ar cheart di díriú ar thacú le múinteoirí chun

na scileanna a fhorbairt a chuirfidh ar a gcumas an t-ábhar a mhúineadh, i bhfianaise na hacmhainneachta d'ábhar cuntasáíochta nua agus nuachóirithe, agus gné dhigiteach fhéideartha. Ina theannta sin, rinneadh tagairt d'ábhair thacaíochta (m.sh. páipéir shamplacha) mar ábhair an-tábhachtach chun cabhrú le múinteoirí a mbealach a dhéanamh trí na hathruithe.

Tharraing go leor freagróirí aird ar rochtain ar acmhainní mar dhúshlán agus tugadh le fios go mb'fhéidir go mbeadh ar scoileanna infheistíocht a dhéanamh i dtrealamh TFC lena chinntiú go bhfuil an rochtain chuí ag múinteoirí agus an scoláire ar theicneolaíocht dhigiteach. Measadh go raibh sé seo ábhartha go háirithe i gcomhthéacs comhpháirt mheasúnaithe dhigiteach-bhunaithe a d'fhéadfadh a bheith ann. Bhain tacaíocht bhreise a luadh i bhfreagraí an tsuirbhé leis an ngá le tacaíochtaí agus acmhainní Béarla agus Gaeilge araon, lena n-áirítear FGL, a chur ar fáil ag an am céanna lena chéile.

*Go gcuirfear ábhair do dhaltáí agus do mhúinteoirí ar fáil ag an am chéanna agus ar chomhchaighdeán leis na hábhair as Béarla (Suirbhé ar líne).*

## Staidéar Foirgníochta

Bhí 66 freagra ar an suirbhé ar líne don chomhairliúchán ar an gCáipéis Eolais agus Treoir do Staidéar Foirgníochta na hArdteistiméireachta (CNCM, 2024b). Tríd is tríd, chuir na freagróirí fáilte roimh athfhorbairt Staidéar Foirgníochta na hArdteistiméireachta, agus roimh thráthúlacht na hathfhorbartha, ag tabhairt faoi deara seanaois an tsiollabais reatha. Tugann an rannpháirtíocht sa chomhairliúchán léargas luachmhar ar na deiseanna, na dúshláin, agus na tacaíochtaí riachtanacha chun Staidéar Foirgníochta na hArdteistiméireachta a athfhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus tá gach ceann acu leagtha amach thíos.

## Deiseanna agus Dúshláin

Mhol freagróirí gur cheart go mbeadh sonraíocht athbhreithnithe don ábhar ag teacht leis na caighdeáin foirgníochta reatha, amhail díriú ar chaighdeáin Foirgnimh nach mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh (NZEB) agus ar phrionsabail Thithe Cónaithe Éighníomhacha. Ina theannta sin, tharraing freagróirí aird ar an tábhacht a bhaineann le teicneolaíochtaí nua a chomhtháthú, an gá atá le dul i ngleic le saincheisteanna comhshaoil agus socheacnamaíocha, agus an gá atá le béim a chur ar chleachtais inbhuanaithe laistigh den churaclam. Chreid go leor freagróirí go bhfuil an cúrsa reatha rófhairsing. Bhí siad ar son curaclaim a bhaineann cothromaíocht níos fearr amach idir fairsinge agus doimhneacht trí dhíriú ar níos lú topaicí agus díriú ar thopaicí níos ábhartha ar bhealach níos mionsonraithe.

*The subject needs boundaries as it is far too broad. Putting these boundaries in place will be the challenge but are of utmost importance in order to focus in-depth learning and facilitate higher order thinking (Suirbhé ar líne).*

Tharraing freagróirí aird ar an deis chun scileanna praiticiúla agus ceardaíocht a fhorbairt tuilleadh trí fhoghlaim thionscadal-bhunaithe. Threiseodh an cur chuige seo tábhacht scileanna tógála an fhíorshaoil sa churaclam, ag ullmhú an scoláire do phrintíseachtaí agus do ghairmeacha, agus á ullmhú níos fearr do dhúshláin san fhíorshaoil.

Bhí éagsúlacht tuairimí ann maidir le hualú na gcomhpháirteanna measúnaithe ba cheart a bheith san ábhar athfhorbartha. Mar sin féin, bhí comhdhearcadh ann gur fearr a léireodh béim a chur ar ghnéithe praiticiúla an t-am agus an iarracht shuntasach a dhéanann scoláire infheistíocht in obair phraiticiúil agus thionscadail. I measc na moltaí maidir leis an obair chúrsa, bhí ualú na hoibre cúrsa a mhéadú i gcoibhneas le scrúdú praiticiúil ar an lá, teoracha dírithe a thabhairt isteach, na riachtanais phunainne a theorannú le fócas ar chaighdeán agus ní ar chainníocht, agus cuid na dturgnamh a bhaint.

Bhí éagsúlacht tuairimí ann maidir le scrúdú praiticiúil ar an lá. Leagann formhór na bhfreagróirí luach ar mheasúnú a dhéanamh ar scileanna ceardaíochta ar leith. I measc na moltaí le haghaidh feabhsúcháin, bhí gné dheartha a chur leis nó a raon feidhme a leathnú níos faide ná ceardaíocht adhmaid. Mhol líon beag an rud a bhaint, á meas go raibh sé as dáta nó míthaitneamhach go háirithe don scoláire baineann, ach bhí formhór na bhfreagróirí den tuairim gur cheart scrúdú praiticiúil ar an lá a choinneáil agus a nuachóiriú de réir mar ba ghá. Measann siad gur modh measúnaithe cothrom é a fhreastalaíonn ar scoláirí ag gach leibhéal inniúlachta. Chun strus a mhaolú agus measúnú a dháileadh thar dhá bhliain, mhol roinnt freagróirí scrúdú praiticiúil ar an lá a chríochnú ag deireadh an 5ú bliain agus an obair chúrsa a chríochnú faoin Nollaig sa 6ú bliain.

Tá imní ar go leor freagróirí faoi na deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn má bhaintear an scrúdú praiticiúil, agus luaigh roinnt freagróirí an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag IS ar mhodhanna measúnaithe malartacha.

*With the popularity of AI and the desire to achieve 50%, the single coursework component could grow out of control and be difficult to assess as the student's true individual work (Suirbhé ar líne).*

Tharraing freagróirí aird ar an deis an t-ábhar a ailíniú níos dlúithe le Teicneolaíocht Adhmaid na Sraithe Sóisearaí chun spéis agus dul chun cinn scileanna a chothú. Mhol roinnt freagróirí gur chóir don mheitheal forbartha breithniú a dhéanamh ar bhealaí chun tuilleadh ban a spreagadh chun tabhairt faoi Staidéar Foirgníochta. Moladh amháin a bhí ann ná cleachtais inbhuanaitheachta agus smaointeoireacht dearaidh a ionchorprú mar réimsí foghlama sa churaclam nuashonraithe. Chomh maith leis sin, mhol freagróirí eile deiseanna gairme éagsúla a chur chun cinn laistigh den earnáil tógála chun raon níos leithne scoláirí a mhealladh.

Mar a luadh cheana, sonraíodh go meastar go bhfuil an siollabas reatha rófhairsing, rud a fhágann go bhfuil sé deacair gach rud a chlúdach laistigh den am a leithdháiltear. Shonraigh go leor freagróirí go mbeidh sé ina dhúshlán teorainneacha an mhéid a mhúinfear san ábhar athfhorbartha a shainiú. Shonraigh freagróirí an dúshlán a bhaineann le fanacht cothrom le dáta le timpeallacht thógtha atá ag síorathrú agus le dul chun cinn sa teicneolaíocht freisin.

*The built environment and technologies will continue to change long after the new syllabus is set out. Striking a balance of what is relevant today and what will be relevant in the future will be challenging (Suirbhé ar líne).*



Ceangailte leis seo bhí sainathint dúshláin shuntasáigh a bhaineann le cothromaíocht a bhaint amach idir ábharthacht reatha agus ullmhacht don todhchaí agus ag an am céanna go leor ama a chur ar fáil d'fhoghlaim thionscadal-bhunaithe.

Bhí éagsúlacht tuairimí ann faoin scrúdú scríofa. Thacaigh roinnt freagróirí le ceisteanna éigeantacha, agus b'fherr le roinnt freagróirí go mbeadh ceisteanna níos speisialaithe ann. Chomh maith leis sin, thug cuid acu faoi deara go raibh an iomarca scóip i roinnt ceisteanna faoi láthair, rud a fhágann go raibh sé deacair é a chríochnú laistigh den am a leithdháileadh. Shonraigh roinnt freagróirí go raibh dúshláin ag baint le 'líníochtaí de réir scála' maidir leis an am a bhíonn ag teastáil chun aghaidh a thabhairt orthu laistigh den churaclam reatha. In ainneoin tuairimí éagsúla maidir le measúnú agus ábhar an chúrsa, d'aontaigh na freagróirí d'aon ghuth ar an tábhacht a bhaineann le hualach oibre soláimhsithe a choinneáil a ailíníonn leis na hacmhainní scoile atá ar fáil.

## Tacaíocht d'athfhorbairt agus cur i bhfeidhm

Breathnaítear ar ábhar athfhorbartha a spreagann comhoibriú le gairmithe tionscail mar rud tairbheach.

*Partnering with construction companies, architects, engineers, and skilled tradespeople could provide valuable resources and expertise. Industry professionals could guest lecture, mentor students on projects, or help develop curriculum materials (Suirbhé ar líne).*

Chuir roinnt freagróirí ábhar imní in iúl faoi infhaighteacht múinteoirí i gceantair uirbeacha agus tharraing siad aird ar an ngá atá le forbairt ghairmiúil chuimsitheach do mhúinteoirí, lena n-áirítear deiseanna le haghaidh FGL praiticiúil agus deiseanna chun dul i ngleic le teicneolaíochtaí nua a úsáidtear sa tógáil.

Leag freagróirí béim ar an ngá atá le hacmhainní ardchaighdeáin a thagann le dul chun cinn teicneolaíochta agus le caighdeáin tógála. Aithníodh infhaighteacht acmhainní trí Ghaeilge mar riachtanas freisin. Leag freagróirí béim ar a thábhachtaí atá sé maoiniú cuí a fháil chun rochtain uilíoch ar ríomhairí atá in ann bogearraí dearaidh ríomhchuidithe (CAD) a rith a chinntiú. Leag siad béim freisin ar an ngá atá le maoiniú chun rochtain a sholáthar ar bhogearraí samhaltaithe faisnéise foirgnimh (BIM), gearrthóirí léasair, agus printéirí 3T.

D'iarr freagróirí go gcuirfí ábhair mheasúnaithe shamplacha, lena n-áirítear páipéir shamplacha agus eiseamláirí measúnaithe, ar fáil roimh Mheán Fómhair 2026. Measadh go raibh treoirlínte mionsonraithe agus straitéisí cumarsáide éifeachtacha riachtanach freisin.

## Innealtóireacht

Bhí 46 freagra ar an suirbhé ar líne don chomhairliúchán ar an gCáipéis Eolais agus Treoir d'Innealtóireacht na hArdteistiméireachta (CNCM, 2024c). Tríd is tríd, thacaigh na freagróirí le hathfhorbairt Innealtóireacht na hArdteistiméireachta, agus roimh thráthúlacht na hathfhorbartha, ag tabhairt faoi deara seanaois an tsiollabais reatha. Thug freagróirí aitheantas d'fhorbairtí a tharla i saol na hinnealtóireachta le tamall anuas a raibh tionchar acu ar scrúdú na hinnealtóireachta agus as ar eascair forbairtí sa teagasc agus san fhoghlaim a chuimsíonn teicneolaíochtaí agus próisis

nua-aimseartha. Tugann a rannpháirtíocht sa chomhairliúchán léargas luachmhar ar na deiseanna, na dúshláin, agus na tacaíochtaí riachtanacha chun sonraíocht nua Innealtóireachta Ardteistiméireachta a athfhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus tá gach ceann acu leagtha amach thíos.

## Deiseanna agus Dúshláin

Is í an phríomhdheis a shainaithníodh in athfhorbairt na sonraíochta Innealtóireachta ná an fhéidearthacht maidir le teicneolaíochtaí nua a ionchorprú ar bhealach cuí chun sonraíocht nua a fheabhsú. Thug freagróirí faoi deara go bhfuil deis ann anois sonraíocht a fhorbairt a dhíreoidh ar chroiréimsí na hinnealtóireachta (éifeachtúlacht, beachtas, cruinneas agus bailchríoch ardcháilíochta ó líníochtaí oibre), rud a cheadóidh iniúchadh domhain, seachas forbheathnú leathan ar go leor topaicí. Ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir scileanna traidisiúnta na hinnealtóireachta a chaomhnú, meon innealtóireachta a fhorbairt agus cur chuige atá ag teacht chun cinn i leith dearadh innealtóireachta a cheadú agus a bheith aireach ar an bhfráma ama ábhair 180 uair an chloig.

*Care must also be taken in balancing the introduction of these new technologies with the current and main aspects of LC Engineering all within the minimum 180-hour subject timeframe (Suirbhé ar líne).*

Tharraing freagróirí aird ar an deis chun rannpháirteachas agus rannpháirtíocht na scoláirí san innealtóireacht a mhéadú tríd an tsonraíocht athfhorbartha, ag tabhairt dá n-aire gur deis é seo chun straitéisí a fhorbairt chun níos mó scoláirí bainearna a mhealladh isteach san innealtóireacht agus chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna inscne sa réimse seo. Tugann na freagróirí le fios gur féidir é seo a bhaint amach trí aird a tharraingt ar dheiseanna do dhul chun cinn gairme agus ar chonairí atá ar fáil do chách. Dúirt freagróirí go raibh sé tábhachtach an t-ábhar a dhéanamh soláimhsithe agus a chinntiú go bhfanann an t-ábhar tarraingteach agus nach ndéanfaí an tsonraíocht róchasta, rud a chuirfeadh drogall ar scoláirí innealtóireacht a roghnú.

*if you want the subject to appeal to both males and females we need to have a national strategy and not leave it up to individual teachers to promote it in their own schools (Suirbhé ar líne).*

Ní mór dul chun cinn agus leanúnachas a mheas go cúramach agus sonraíocht nua don innealtóireacht á forbairt. Thug freagróirí faoi deara gur deis uathúil don mheitheal forbartha innealtóireachta é sonraíocht a fhorbairt atá feasach ar réamhfhoghlaim an scoláire agus iad ag roghnú ábhair agus an tacair scileanna a theastaíonn don saol tar éis staidéar a dhéanamh ar an ábhar.

Ceann de na príomhdhúshláin atá le sárú ag athfhorbairt na hinnealtóireachta ná cothromaíocht a bhaint amach idir an traidisiún agus nuachóiriú an ábhair. Tharraing freagróirí aird ar an dúshlán a bhaineann le próisis nua-aimseartha a chomhtháthú, mar shampla Gearradh Léasair, priontáil 3T, meaisíní Róbataic agus Rialú Uimhriúil Ríomhaireachta (CNC), agus ag an am céanna a chinntiú nach gcailltear scileanna traidisiúnta amhail gaibhneacht, sairseacht, obair bhinse agus

déantúsaíocht mhiotail leatháin. Meastar go bhfuil na scileanna traidisiúnta seo ríthábhachtach d'oideachas innealtóireachta atá cothrom agus ríthábhachtach leis an scoláire a fhorbairt mar réiteoirí fadhbanna praiticiúla.

Threisigh freagróirí go bhfuil scileanna praiticiúla ríthábhachtach d'úsáidí fíorshaoil agus do rannpháirtíocht an scoláire. Ní mór do shonraíocht nua ró-ualú an churaclaim le hábhar teoriciúil a sheachaint, ró-ualú a mbeadh forbairt scileanna praiticiúla thíos leis.

*Engineering is such a broad area, we must not exhaust the student with too much content and assessment within this small timeframe (Suirbhé ar líne).*

Leagadh béim ar fhorbairt scileanna dearaidh agus tuiscint ar phrionsabail agus ar phróisis innealtóireachta freisin mar ghné lárnach agus ríthábhachtach agus sonraíocht nua innealtóireachta á forbairt.

Maidir le measúnú agus obair thionscadail, molann rannpháirtithe castacht chuí tionscadail a chinntíonn cothromaíocht i dtionscadail atá dúshlánach go hiomchuí gan a bheith ródheacair. Moladh san aiseolas ó fhreagróirí gur cheart scrúduithe praiticiúla a choinneáil mar go bhfeictear é seo mar phríomhdheis mheasúnaithe do scoláirí scileanna a forbraíodh trína gcuid ama ag staidéar na hinnealtóireachta a thaispeáint. Léirigh formhór na bhfreagróirí an dearcadh go bhféadfadh bonn a bhaint de shláine ábhair agus d'inspreagadh an scoláire mura mbeadh scrúdú praiticiúil ann. Tugann freagróirí faoi deara go mbreathnaítear ar an scrúdú praiticiúil mar scrúdú cothrom do gach scoláire.

*The practical assessment elements are crucial. The Day Practical exam and Project component should be maintained, though updated with modern practices if needed. These practical assessments, developed over the course of study, need to stay to ensure integrity and fairness (Suirbhé ar líne).*

## Tacaíocht d'athfhorbairt agus cur i bhfeidhm

D'aithin freagróirí maoiniú agus leithdháileadh acmhainní mar réimsí ina mbeadh gá le tacaíochtaí chun Innealtóireacht a athfhorbairt agus a chur i bhfeidhm go rathúil. D'iarr freagróirí cothromas rochtana ar mhaoiniú chun innealra, uirlisí agus trealamh a uasghrádú. Mhol freagróirí go mbeadh gá le caighdeánú ar sheomraí innealtóireachta ar fud scoileanna lena chinntiú go mbeidh rochtain ag gach scoláire ar an gcaighdeán céanna oideachais chun an tsonraíocht nua a chur i bhfeidhm go rathúil. Aithníodh go raibh gá leis an bpróiseas soláthair do threalamh a chuíchóiriú agus tús áite a thabhairt d'uasghrúduithe rialta chun coinneáil suas le dul chun cinn sa teicneolaíocht.

*Ensure that all workshops are resourced, with equal access to funds, machinery and materials (Suirbhé ar líne).*

Féachann freagróirí go bhfuil forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) agus oiliúint rialta do mhúinteoirí ar theicneolaíochtaí nua agus ar ábhar curaclaim nuashonraithe riachtanach chun sonraíocht innealtóireachta nua a athfhorbairt agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Thug roinnt freagróirí le fios go bhfuil forbairt scileanna dearaidh in eispéiris FGL múinteoirí rithabhachtach mar go gcuirfeadh sé seo ar a gcumas an scoláire a threorú ar bhealach níos fearr i smaointeoireacht nuálach agus i réiteach fadhbanna.

*Teachers will need a range of relevant in person and hands on CPD in areas supporting new possible material the Senior Cycle Engineering specification may introduce (Suirbhé ar líne).*

Breathnaítear ar ábhar athfhorbartha a spreagann comhoibriú le gairmithe tionscail mar rud tairbheach chun an t-ábhar a choinneáil ábhartha.

## Béarla

Fuair an suirbhé ar líne don chomhairliúchán ar an gcáipéis Eolais agus Treoir do Bhéarla na hArdteistiméireachta 122 freagra. Tharraing an rannpháirteachas mionsonraithe agus fairsing leis an suirbhé ar thaithí leathan teagaisc agus ar mhachnamh ar churaclaim idirnáisiúnta.

### Deiseanna agus Dúshláin

Ag léiriú na dtorthaí ó na cuairteanna scoile a rinneadh mar chuid den taighde don cháipéis Eolais (CNCM, 2024d), dúirt formhór na bhfreagróirí go raibh go leor le moladh sa siollabas reatha agus ina mheasúnú. Bhí roinnt saincheisteanna ann, áfach, ar tugadh aird dhírith orthu i dtorthaí an tsuirbhé.

Ba mhian le go leor acu go mbeadh an tsonraíocht athbhreithnithe níos ábhartha don scoláire, ag tabhairt faoi deara speictream leathan na scoláirí ina seomraí ranga agus an mhian atá ann le go mbeidh deiseanna ann le bheith rathúil, agus sin a bheith ar fáil do gach scoláire. Féachadh ar chomhtháthú na teanga agus na litríochta mar chuid riachtanach den siollabas reatha. Mar sin féin, bhí líon beag freagróirí ann ar mhian leo deighilt a fheiceáil idir an dá ghné ar nós samplaí idirnáisiúnta eile. Bhí neart plé ann ar an tsamhail maidir le samhail ina leagtar síos téacsanna. Léirigh go leor gur mian leo an ráta athraithe ar an liosta téacsanna a laghdú, go háirithe san fhilíocht, agus thug daoine eile rabhadh faoi na contúirtí a bhaineann le liosta a choinneáil ar feadh roinnt blianta agus an tionchar gaolmhar a bhíonn ag cultúr na ranganna diantagaisc ar an bhfoghlaim de ghlanmheabhair. Tugadh tacaíocht fhorleathan don tábhacht a bhain leis an canóin litríochta a thabhairt isteach, tugadh an tacaíocht chéanna don taithí ar an litríocht a leathnú chun téacsanna nua-aimseartha agus éagsúla a chur san áireamh, léiriúcháin amharclainne san áireamh. Ardaíodh an tionchar diúltach a bhíonn ag scéimeanna leabhar ar cíos ar neamhspleáchas agus rogha múinteoirí agus 'marbhántacht téacs' a d'fhéadfadh a bheith ann chomh maith le hinrochtaineacht scannán agus léiriúcháin drámaíochta. D'aontaigh an formhór go bhféadfadh laghdú ar fhairsinge an chúrsa go bhféadfaí iniúchadh níos mó a dhéanamh agus doimhneacht

rannpháirtíochta neartaithe a bheith ann leis na téacsanna, ach go raibh an neamhspleáchas agus an rogha chomh tábhachtach céanna.

*The number of texts students engage with must be small enough to allow opportunities for deep diving into the intricacies of textual study but diverse enough to allow a natural comparison of texts, whether this comparison is explicit or implicit (Suirbhé ar líne).*

Bhí líon suntasach freagróirí ann a bhí i bhfabhar na deise le comhpháirt béil a chur san áireamh san CMB, agus chuir líon beag go tréan in aghaidh comhpháirt béil a thabhairt isteach. Mhol go leor acu punann oibre, go háirithe i bhforbairt na scríbhneoireachta cruthaithí ag cur béim ar thábhacht dhréachtú agus cheardaíocht na scríbhneoireachta.

*The idea of a portfolio piece idea that is used in Scotland is interesting. Instead of students having to produce original work in the current Paper 1 Essay Composition, which currently accounts for 25% of their overall result, they could have time to find a genre that really suits them, draft that piece, craft it, in the case of an argumentative/discursive piece, put real research into the topic, and submit work that showcases their skills to best advantage (Suirbhé ar líne).*

Ba é an rannán comparáideach an rannán ba mhó ar thug daoine le fios go raibh gá lena leasú agus mhol go leor daoine an rannán comparáideach a bhogadh go dtí an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bheis (CMB) mar bhealach le rannpháirteachas níos faide le téacsanna a éascú seachas cur chuige foirmleach i leith na comparáide. Iarradh arís go ndíreofaí fócas ar an smaointeoireacht chriticiúil, ar an inniúlacht chriticiúil agus ar a hábharthacht i dtaca le foghlaim an scoláire i saol an lae inniu.

Ba é an t-aon dúshlán amháin ar shainaithin gach uile fhreagróir é ná bagairt na hIntleachta Saorga (IS) do shláine agus barántúlacht na CMB. Mhol go leor acu roghanna malartacha ar an bpunann nó ar mheasúnuithe tionscadal-bhunaithe ach bhraith go raibh an IS uileláithreach in eispéireas oideachasúil a gcuid scoláirí agus gurbh é an dúshlán ba mhó a bheadh ag baint le CMB ar bith ná a bheith ag iarraidh tionchar IS a mhaolú.

*AI poses a risk to the integrity and validity of the assessment component task, but this should not be a reason not to exclude process writing as a core aim for the assessment component. Students need to understand how to harness the benefits of AI while at the same time learning to develop their own skill in the process of writing. AI is already a feature of life and education for students... Teaching students about ethical use of AI and the material they use in developing their writing could be most beneficial for students in English (Suirbhé ar líne)*

Cuireadh béim an-láidir, ar fud na bhfreagairtí, ar bhrúnna córasacha eile amhail ualach méadaithe ar mhúinteoirí, uainiú na measúnuithe, strus méadaithe ar an scoláire, na héilimh ar theicneolaíocht theoranta i scoileanna agus an easpa acmhainní chun tacú leis an athfhorbairt. Ar na dúshláin churaclaim a sainaitníodh, bhí cothú na cothromaíochta idir scileanna teanga agus anailís litríochta atá le fáil sa siollabas reatha, coimeád na cothroime, an chothromais agus na doichte a mbraitear iad a bheith ag baint leis na socrúithe reatha measúnaithe agus an imní go ndéanfaí an siollabas a shimpliú an iomarca.

## Tacaíocht d'athfhorbairt agus cur i bhfeidhm

Thit na tacaíochtaí a sainithníodh i dtaca le hathfhorbairt agus cur i bhfeidhm na sonraíochta leasaithe faoi thrí cheannteideal go príomha: acmhainní, FGL agus soiléireacht.

Ar na hacmhainní ar sainithníodh iad a bheith ag teastáil, bhí breithniú ar an trealamh teicniúil agus oiliúint agus tacaíochtaí TF a bhí de dhíth sna scoileanna chun taifeadadh, cur in eagar agus uaslódáil na míreanna féideartha measúnaithe chuig tairseach CSS a éascú. Rinne tromlach na ndaoine tagairt freisin don ghá a bhí le hábhair shamplacha mheasúnaithe a tháirgeadh in am trátha, amhail páipéir shamplacha, páipéir threoracha agus treoracha, chun an t-aistriú chuig an tsonraíocht nua a éascú go muiníneach. Ba é an acmhainn eile a luadh go minic ná am. Chuir freagróirí in iúl go raibh am ag teastáil lena ligean do mhúinteoirí dul i dtaithí ar an tsonraíocht úr roimh í a theagasc, go raibh am laistigh den chlár ama ag teastáil chun leanúint den bhunú brí sna scoileanna agus sna cnuasghrúpaí, agus am chun acmhainní a fhorbairt chun tacú leis an gcur i bhfeidhm. Cuireadh in iúl go sonrath freisin gur cheart go luífeadh an tsonraíocht, mar a dearadh í, laistigh den leithdháileadh ama don ábhar. Leis an ionchas réadúil seo maidir lena bhfuil indéanta laistigh de 180 uair an chloig, ba cheart go mbeifí in ann iniúchadh domhain a dhéanamh agus go bhfaighfí réitithe den deifir chun gach uile rud a chlúdach agus gan ach tuiscint éadomhain ag an scoláire ar chúrsaí.

Le linn plé ar na hacmhainní a bheadh de dhíth le haghaidh measúnú barántúil bailí, tugadh le fios go ndéanfadh measúnú ó bhéal, bunaithe ar stíl an rannpháirteachais *viva voce* le scrúdaitheoirí seachtracha, dúshláin na hIntleachta Saorga a mhaolú agus an cothromas a chinntiú don scoláire.

*Investment is the ultimate support for the implementation of any project. It would be wonderful if the education of our students was valued enough for them to have the opportunity to pass an oral examination in the subject ... akin to a viva voce where they could be called on to demonstrate their knowledge and understanding of the texts they have studied (Suirbhé ar líne).*

Aithníodh go forleathan sa suirbhé an gá a bhí le clár fairsing FGL. Rinne go leor daoine tagairt don eispéireas dearfach a bhain le cnuasghrúpaí, pobail chleachtas agus comhardáin a d'eascair as imeachtaí FGL roimhe sin. Measadh na spásanna seo ina bhféadfaí an bunú brí a dhéanamh a bheith lárnach i bpróiseas dearfach cur i bhfeidhm. Rinneadh roinnt machnaimh ar an FGL a bhfuair múinteoirí Béarla blaiseadh uirthi roimhe seo agus measadh cáipéisíocht agus teachtaireachtaí soiléire comhleanúnacha a bheith tábhachtach don chur i bhfeidhm.

Sainithníodh an tsoiléireacht ar an tacaíocht is mó le haghaidh don athfhorbairt agus cur i bhfeidhm araon. I spás na hathfhorbartha, cuireadh in iúl go forleathan go raibh gá le torthaí agus spriocanna foghlama soiléire follasacha sainithe. Cuireadh síos d'ailíniú na dtorthaí foghlama agus an mheasúnaithe le haidhmeanna na sonraíocht go raibh sé éigeantach. I spás an chur i bhfeidhm, measadh go raibh sé ríthábhachtach, ó thaobh an chur i bhfeidhm de, an tsonraíocht agus na socruithe measúnaithe a chur in iúl go soiléir.

Cuireadh barúlacha chun tosaigh le linn an chomhairliúcháin lenar áiríodh breithniú ar na féidearthachtaí maidir le rochtain ar mhodúl Béarla agus Cumarsáide na hArdteistiméireachta

Feidhmí a cheadú do scoláirí a bheadh ag tabhairt faoi chlár na hArdteistiméireachta Bunaithe, na tacaíochtaí a bheadh de dhíth ar scoláirí ar teanga bhreise an Béarla dóibh, an gaol idir an t-ardleibhéal agus an gnáthleibhéal agus plé ar chuimsiú éigeantach Shakespeare don scoláire ardleibhéil. Is ceistanna córasacha iad roinnt de na ceistanna seo ach d'fhéadfadh sé go ndéanfadh an mheitheal forbartha plé orthu agus an tsonraíocht á cur chun cinn acu.

## Tíreolaíocht

Fuarthas 42 freagairt suirbhé ar líne don chomhairliúchán ar an gCáipéis Eolais agus Treoir le haghaidh Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta (CNCM, 2024e). D'fháiltigh freagróirí i gcoitinne roimh athfhorbairt Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta mar rud tráthúil, agus cuireadh tuairimí dearfacha in iúl maidir le héifeachtacht na cáipéise eolais chun léargas a thabhairt ar fhadhbanna a bhaineann leis an siollabas reatha.

Chuir freagróirí comhairliúcháin aiseolas ar fáil maidir leis na deiseanna agus dúshlán a bhaineann le hathfhorbairt Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta, agus shainaithin réimse de cheistanna ar gá breithniú orthu a bhain le forbairt acmhainneacht múinteoirí, socruithe measúnaithe, acmhainní agus tacaíochtaí, agus breac-chuntas orthu go léir thíos.

## Deiseanna agus Dúshlán

Ar aon dul leis an aiseolas a fuarthas le linn na gcuairteanna scoile a rinneadh don Cháipéis Eolais (CNCM, 2024e), shainaithin freagróirí comhairliúcháin athfhorbairt Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta mar dheis chun an t-ábhar a dhéanamh níos ábhartha do shaol na ndaoine óga agus é a dhéanamh níos fiúntaí dóibh. Bhain go leor den aiseolas seo leis an tuairimíocht maidir leis an ngá atá le solúbthacht agus rogha a neadú sa churaclam agus, a oiread agus is féidir, le féachaint chuige go seasfaidh an tsonraíocht an aimsir.

Ba léir le linn an chomhairliúcháin go raibh ábhair inní ann maidir le líon na scoláirí a bhí ag roghnú Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta. Is é is cúis leis seo, dar leis na rannpháirtithe, ná cionn is nach ndéanann gach uile scoláire staidéar ar an Tíreolaíocht sa tSraith Shóisearach agus mar gheall ar an ualach inneachair agus/nó measúnaithe a bhaineann le cúrsa Tíreolaíochta na hArdteistiméireachta. Tá roinnt freagróirí buartha go bhféadfadh sé go gcuirfeadh iomaíocht ón gcúrsa úr Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe (GAFI) le líon íslitheach na ndaoine a roghnóidh an Tíreolaíocht. Mhol daoine eile gur cheart béim a leagan ar an ngaol idir an tíreolaíocht agus ábhair Ardteistiméireachta eile mar bhua agus mar dheis sa tsonraíocht, nó dhéanfadh sé seo an t-ábhar ní ba tharraingtí do na scoláirí sin a mbeadh a gcuid pleananna gairmréime ag teacht le hábhair chomhlántacha.

Aithníodh dúshlán a bheith ag baint le sonraíocht a dhearadh ina mbeidh cothromaíocht leathan ann idir tíreolaíocht chultúrtha, eacnamaíoch, dhaonna agus fhisiciúil agus, san am céanna, sonraíocht a thacódh le tuiscint ar na hidirghaolmhaireachtaí eatarthu seo, agus ina mbeadh doimhne de rannpháirtíocht agus rogha agus solúbthacht. Agus iad ag cur in iúl gur gá an tsonraíocht a nuachóiriú, thug freagróirí éagsúla le fios go n-éileoidh sé seo go gcuimseofaí inneachair maidir le táirgeadh bia, pleanáil le haghaidh cathracha inbhuanaithe, bainistíocht rioscaí i gcás tubaistí, cúrsaí daonra (sláinte agus aosú i measc an phobail), an gheopholaitíocht (cúiseanna coimhlinte go háirithe) agus tionchar na gceistanna domhanda ag leibhéal áitiúil, agus tírdhreacha cultúrtha.

*The introduction of a Geopolitical element is an interesting idea and should be explored. I think this would help root the subject as important in developing our understanding of the world (Suirbhé ar líne).*

Is mian le roinnt rannpháirtithe béim ar eolas ginearálta geografach – tíortha, sléibhte, aibhneacha srl. Bhraith daoine eile go bhfuil sé tábhachtach fócas a choinneáil ar an Aontas Eorpach. Ó thaobh na tíreolaíochta fisiciúla de, meastar tábhacht faoi leith a bheith ag baint leis na bithóim. Measann freagróirí i gcoitinne go bhfuil cúrsaí aeráide agus inbhuanaitheachta tábhachtach go leor le go gcuirfí san áireamh sa tíreolaíocht iad, beag beann ar a gcuid aiseolais i dtaca le GAFI. Moladh go ndéanfaí an inbhuanaitheacht a neadú ar fud na sonraíochta, seachas topaic nó aonad neamhspleách a dhéanamh di.

Cé gur iarr roinnt rannpháirtithe go gcoinneofaí, sa tsonraíocht athfhorbartha, gnéithe den siollabas reatha, ar na téamaí coitianta a d’eascair as aiseolas an chomhairliúcháin, bhí leibhéal an inneachair a laghdú. I gcomhréir leis an aiseolas ó na cuairteanna scoile i dtaobh na Cáipéise Eolais (CNCM, 2024e), bhí comhaontú ann gur cheart an Tíreolaíocht Réigiúnach a laghdú, agus iarradh go ndéanfaí líon na gcás-staidéar a laghdú agus/nó go mbeadh níos mó roghanna ann ó thaobh cás-staidéar de.

*The subject is far too broad in certain areas and the content is far too dense. ... The [regional] material is just repetition with different examples. They learn about core/periphery/physical/social processes etc and then just repeat it 5 times with different location specific examples. There is serious room there for change... (Suirbhé ar líne).*

Luaigh go leor freagróirí go dtiocfadh deis leis an athfhorbairt chun scileanna tíreolaíochta a fheabhsú, lena n-áireofaí obair léarscáile, aerfhótagraif agus úsáid na gCóras Faisnéise Geografaí. I dtaca leis an aiseolas i dtaobh deiseanna chun cur lena foghlaimíodh i dTíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí, bhí meascán de thuairimí ann maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart leanúint de na gnéithe snáithe leathana a bhain le Feasacht Tíreolaíochta agus den chur chuige neamhlíneach.

Féachtar ar an athfhorbairt mar dheis chun dul i ngleic le roinnt dúshlán a bhí ann cheana maidir le measúnú Thíreolaíochta na hArdteistiméireachta. Glacann bunús na bhfreagróirí leis go ndéanfar Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB) den Imscrúdú Tíreolaíochta. Mar sin féin, dar le roinnt acu go mbeadh 20% oiriúnach don Imscrúdú Tíreolaíochta agus thug le fios gur cheart 20% eile a chur ar fáil le haghaidh agallaimh maidir leis an Imscrúdú Tíreolaíochta nó le haghaidh tasc cinnteoireachta (lena n-áireofaí Córas Faisnéise Geografaí a úsáid) faoi mhaoirseacht. Bhí braistint ann go bhféadfaí an Imscrúdú Tíreolaíochta a dhéanamh ní b’ionchuimsithí dá gceadófaí formáidí éagsúla taifeadta. Ar na dúshlán a luadh, bhí tionchar féideartha na hintleachta saorga ar shláine na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis (CMB), ábhair imní faoi scoláirí nach gcuirfeadh isteach an CMB, agus braistint go n-eascródh méadú ar ualach oibre an mhúinteora as an CMB agus go gcuirfeadh sí as d’fholláine an mhúinteora agus an scoláire araon. Ar na hábhair imní eile a luadh, bhí cúrsaí uainithe maidir le hinfhaighteacht na dtopaicí CMB agus cé acu a bheifí in ann freastal ar chomhthéacsanna éagsúla scoile leo seo, agus sceidealú na ndátaí faoinar gá an CMB a chur isteach.

D’iarr freagróirí go mbainfí feidhm as an athfhorbairt chun dul i ngleic le dúshlán bhraite a bhain leis an scrúdú scríofa reatha, lena n-áirítear an chaoi a dtomhaiseann sé cuimhne seachas tuiscint ar agus cur i bhfeidhm scileanna tíreolaíochta, agus gan am dóthanach a bheith ar fáil sa scrúdú, agus an chaoi a mbíonn ceisteanna scrúdaithe doshroichte. Dá réir seo, tugadh le fios gur cheart, sa scrúdú, imeacht ó cheisteanna a mbíonn freagraí fada, ar nós aiste, ag baint leo go dtí



ceisteanna níos ionchuimsithí/insroichte agus freagraí gearra ag baint leo, lena n-áirítear ceisteanna faoin obair allamuigh agus ceisteanna a thacódh le léiriú na scileanna tíreolaíochta.

## Tacaíocht d'athfhorbairt agus cur i bhfeidhm

Shainnadh freagróirí ina gcuid aiseolais soiléire na dtorthaí foghlama ina tacaíocht shuntasach. Bhí baint idir seo agus éileamh ar churaclam níos ionchuimsithí, ina mbeadh rogha shoiléir agus solúbthacht don scoláire ardleibhéil agus don scoláire gnáthleibhéil araon.

Rinne rannpháirtithe an chomhairliúcháin tagairt go minic don ghá atá le forbairt acmhainneacht múinteoirí thráthúil shuntasach.

*...CPD must be sufficient that teachers have a good idea of the required content so that it not left to book authors to more or less design the experience for them and students (Suirbhé ar líne).*

D'iarr rannpháirtithe go gcuimseodh an fhorbairt ghairmiúil seo míniúchán mionsonrach ar na hathruithe curaclaim, am chun acmhainní a bheadh bunaithe ar na torthaí foghlama a phleanáil agus a chruthú, tacaíocht maidir le hionchuimsiú go háirithe i dtaca le haiseolas éifeachtach a sholáthar don uile scoláire, Córas Faisnéise Geografaí, obair allamuigh le haghaidh staidéir uirbeacha agus tuaithe araon, agus i dtaca leis an CMB agus na comhphárteanna scríofa measúnaithe.

D'iarr rannpháirtithe aonaid shamplacha foghlama mar bhealach chun tacú le múinteoirí a gcuid aonad féin a cheapadh, teoracha soiléire CMB, go gcuirfí samplaí CMB ar fáil go luath, páipéir scríofa shamplacha, scéimeanna marcála agus áis Ceisteanna Coitianta ar líne. Bhí béim san aiseolas freisin ar mhaoiniú dóthanach d'fhonn cothromas a chinntiú idir scoileanna agus fócas faoi leith ar na costais a bhaineann leis an obair allamuigh agus rochtain ar an teicneolaíocht dhigiteach a theastaíonn maidir le teagasc, foghlaim agus measúnú na tíreolaíochta. Ar a bharr sin, sonraíodh gur cheart gach tacaíocht chur i bhfeidhm a chur ar fáil ag an am céanna i mBéarla agus i nGaeilge.

*...the reality of the teaching profession needs to be considered. If you are bringing in changes so rapidly, all of the resources should be available (Suirbhé ar líne)*

## Nascmhodúil Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT)

Fuarthas 13 fhreagairt suirbhé ar líne don chomhairliúchán ar líne ar an gCáipéis Eolais agus Treoir le haghaidh Nascmhodúil Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (CNCM, 2024f). Thacaigh rannpháirtithe an chomhairliúcháin i gcoitinne le hathfhorbairt na Nascmhodúil agus le tráthúlacht na hathfhorbartha sin. Léirigh siad tuairimí ar a lán gnéithe éagsúla de na modúil a bhféadfaí iad a athshamlú agus a nuachóiriú mar chuid den phróiseas athfhorbartha, agus shainnadh na dúshláin agus na deiseanna a bhí ag baint le gach ceann acu. Ar a bharr sin, léiríodh barúlacha maidir leis na socruithe measúnaithe agus stádas braite na modúil i gcomparáid leis na hábhair eile sa tsraith shinsearach. Tá iniúchadh breise ar gach ceann acu thíos.

## Deiseanna agus Dúshláin

D'aithin freagróirí fud fad an chomhairliúcháin an cur chuige uathúil agus an t-ualú a cuireadh le measúnú na Nascmhodúl i láthair na huaire agus thacaigh siad leis seo. Cuimsíonn sé seo, punann obair chúrsa is fiú 60% agus scrúdú deiridh is fiú 40% a dhéantar i mí Bealtaine sa séú bliain i láthair na huaire. Chuir freagróirí in iúl gur mhór leo an cur chuige seo a choinneáil agus na Nascmhodúil á n-athfhorbairt.

*Retaining the 60% portfolio is vital as this is a huge benefit to students and the practical element suits many students who do not strive in other subjects (Suirbhé ar líne).*

Ba chosúil go ndeachaigh dúshláin maidir le hullmhú na punainne, mar atá leagtha amach sa Cháipéis Eolais, i bhfeidhm ar lucht freagartha an chomhairliúcháin. Sonraíodh, go háirithe, go raibh an fócas ar ullmhúchán na míreanna éagsúla fairsinge don phunann agus a dtionchar ar ghníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama sa seomra ranga GCAT dúshlánach go maith. Chuir roinnt daoine in iúl gur gá béim a leagan ar an bpróiseas a bhaineann leis an bpunann a fhorbairt, seachas ar an táirge féin, agus thacaigh freagróirí eile leis sin agus iad ag tabhairt breac-chuntas ar na deacrachtaí a bhaineann le teimpléid agus scéimeanna marcála róstruchtúrtha le haghaidh míreanna punainne agus a dtionchar ar an bpunann.

*As we can see in LCVP it is very hard already to get genuine student work for portfolios as they get a lot of help...from teachers, home, past students, now AI, etc. (Suirbhé ar líne).*

Measadh cur chuige níos dírithe i leith na punainne obair chúrsa, ceann a mbeadh níos mó míreanna ag baint leis, a bheith níos oiriúnaí mar chur chuige, ar fud an chomhairliúcháin. Ar na dúshláin bhreise a shainaithin freagróirí maidir le cuir chuige reatha i leith an mheasúnaithe, bhí an fócas cúng ar scileanna digiteacha laistigh den phunann obair chúrsa agus na modúil ar bhonn níos ginearálta, agus rannpháirtithe ag déanamh tagairt don bhéim ar fhormáidíú agus cur in eagar na gcáipéisí sa phunann mar phríomhfhócas digiteach reatha sna Nascmhodúil. Mhol roinnt daoine gur cheart punann dhigiteach a thabhairt isteach agus freagróirí an chomhairliúcháin ag díriú aird ar an mórán deiseanna eile atá ann chun an cur chuige i leith fhorbairt na scileanna digiteacha níos leithne laistigh de na Nascmhodúil a nuachóiriú.

*Too much focus on portfolio and not a lot of original work... often copy and paste with no learning opportunities on ICT skills (Suirbhé ar líne).*

Shainaithin bunús na bhfreagróirí deiseanna i saol na hoibre chun an cur chuige i leith na hearcaíochta, fiosrú gairmréimeanna agus socrúcháin oibre a nuachóiriú, mar a mbeadh fócas ar reachtaíocht a bhaineann leis an láthair oibre agus tionchar an digitithe uirthi seo.

*Re-development is required to keep up with the evolution of skills and knowledge required within the working world (Suirbhé ar líne).*

Mar sin féin, luaigh roinnt mhaith freagróirí dúshláin shuntasacha maidir le heagrú agus bainistiú na taithí oibre don scoláire laistigh de na Nascmhodúil, an teachtaireacht chéanna a d'eascair as an

aiseolas a fuarthas le linn na bhfócasghrúpaí scoilbhunaithe ar baineadh feidhm as chun an Cháipéis Eolais a threorú. Ar na dúshlán a sainithníodh le linn an chomhairliúcháin, bhí cúrsaí eagrúcháin agus deacrachtaí maidir le bheith ag tacú le scoláirí tabhairt faoi shocrúcháin oibre le linn an téarma.

*Work experience in LCE in voluntary schools is nearly impossible to timetable  
(Suirbhé ar líne)*

Moladh deiseanna chun cur leis an bhfoghlaim agus leis an taithí oibre san Idirbhliain mar chuid de na Nascmhodúil chun an dúshlán suntasach seo a shárú, agus mhol daoine eile go gcuimseofaí taithí sa phobal agus taithí dheonach araon. Luaigh roinnt freagróirí fócas as an úr ar ghnéithe difriúla a bhain le bheith ag ullmhú i gcomhair socrúcháin oibre, amhail ag cur isteach ar agus ag dul faoi agallamh le haghaidh ról.

*Interview for an actual job - students be given various jobs to apply for - alter cv to suit it (Suirbhé ar líne).*

Léirigh roinnt freagróirí gur mhian leo go mbeadh fócas sna modúil ar fheasacht airgeadais agus cánach agus chonaic siad deiseanna maidir leis an gcaoi a mbeadh gaol barántúil idir an fhoghlaim seo agus ullmhúcháin le haghaidh shaol na hoibre. Shainaithin daoine eile deiseanna sa phróiseas athfhorbartha maidir le cur chuige níos leithne i leith scileanna fiontair agus fiontraíochta agus leis an ról a bheadh agat agus tú i do shaoránach gníomhach. Ar an mórgóir, bhí formhór na bhfreagróirí ag iarraidh go mbeadh scoláirí ullamh chun pleanáil le haghaidh réimse de chonairí iar-scoile agus chun tabhairt fúthu go rathúil agus measadh na príomhinniúlachtaí a bheith ina lionsa oiriúnach le haghaidh na hoibre seo, rud a chinnteodh go gcuirfeadh an fhoghlaim leis an bhfoghlaim sa tsraith shóisearach agus an Idirbhliain agus go bhforbródh sí í.

*Opportunity for students to get an even greater understanding of the options for their future in relation to apprenticeships, college, workplace, PLC courses, etc.  
Maybe more opportunity to sample these or find out more information on them  
(Suirbhé ar líne).*

Shonraigh formhór na bhfreagróirí dúshlán maidir le stádas braite na Nascmhodúil, mar atá leagtha amach sa Cháipéis Eolais. Shainaithin go leor daoine deiseanna chun cur leis an luach a bhaineann leis na Nascmhodúil, diomaite de na pointí CAO, amhail aitheantas agus teistiúcháin na ndeiseanna breise foghlama. Mar sin féin, sainithníodh dúshlán bhreise maidir leis an gcaoi a ndéanfaí aitheantas a thabhairt don fhoghlaim seo.

*Providing certification will have to be mutually beneficial to students. Any certification or recognition provided will have to carry weight and be formally acknowledged by future employers and educational institutions (Suirbhé ar líne).*

Léiríodh tacaíocht láidir le linn an chomhairliúcháin do bhaint ar shiúl an imfhálaithe a bhaineann leis an gclár agus do dheiseanna chun cohórt na scoláirí a bhíonn rannpháirteach leis na Nascmhodúil a éagsúlú. Tugadh le fios go bhféadfaí na Nascmhodúil a chur chun cinn i measc scoláirí agus tuismitheoirí ach an t-ainm (GCAT) a athrú. Sainaithin agus thacaigh go leor freagróirí laistigh den phróiseas athfhorbartha le deiseanna breise chun raon na múinteoirí ábhair a leathnú.

*A more diverse range of teachers...not just business teachers teaching LCVP  
(Suirbhé ar líne).*

Bhraith mionlach, áfach, nár cheart ach múinteoirí gnó amháin a bheith á theagasc, agus bhí ábhair inní níos leithne ann maidir le socrú na Nascmhodúl ar an gclár ama ós rud é gur braitheadh, corruair, go bhféadfaí GCAT a úsáid ar mhaithe le sliotán ama a líonadh ar an gclár ama. Tugadh cuntas freisin laistigh den réimse fócais seo, ar dhúshlán a bhain le heagrúchán na ngníomhaíochtaí, ról na croí-fhoirne a bhíonn bainteach leis an gclár agus ról an chomhairleora gairmthreorach. Ar a bharr sin, cuireadh buaireamh in iúl nár cheart go bhfaigheadh na Nascmhodúil áit ar an gclár ama de rogha ar an nGaeilge nó bhí roinnt fianaise ann gur tharla sé seo i gcás scoláirí a raibh díolúin ón nGaeilge acu le go bhféadfaidís staidéar a dhéanamh ar na Nascmhodúil.

*Many LCVP teachers are timetable fillers and so there is often a gap between assessment success in the portfolio and the written exam because of this knowledge gap. The DES needs to present and promote it to a greater extent and the Inspectorate need to address the timetabling, manning and rationale in schools towards LCVP in their WSE & MML inspections (Suirbhé ar líne).*

## Tacaíocht d'athfhorbairt agus cur i bhfeidhm

Shainnadh freagróirí roinnt tacaíochtaí ar measadh iad a bheith riachtanach lena dtacófaí le hathfhorbairt agus le cur i bhfeidhm na Nascmhodúl, mar atá, deiseanna le haghaidh foghlaim ghairmiúil, cáipéisíocht agus acmhainní tacaíochta measúnaithe agus treorach amhail uaireanta leithdháilte breise teagasc agus méadú ar an mbonneagar digiteach. Shonraigh freagróirí deiseanna éagsúla laistigh den fhorbairt ghairmiúil, amhail tairiscint na FGL saincheaptha do mhúinteoirí úra agus do mhúinteoirí bunaithe, do lucht bainistithe na scoile agus don chomhairleoir gairmthreorach agus shonraigh siad an tábhacht atá le hoiliúint FGL a fháil roimh an gcur i bhfeidhm. Shonraigh freagróirí freisin tábhacht na dtreoirínte measúnaithe agus na scrúdpháipéar samplach mar aon le cáipéisí treorach ar chúrsaí clár ama agus ar an líon molta uaireanta teagasc chun cur chuige comhsheasmhach a chinntiú i leith na Nascmhodúl i ngach scoil. Leagadh béim freisin ar a thábhachtaí atá sé na hacmhainní seo a sholáthar i nGaeilge agus i mBéarla.

*The issue of timetabling needs support in terms of guidance - The issue of how it occurs at the moment - needs support and guidance (Suirbhé ar líne).*

Mheas roinnt freagróirí go raibh sé riachtanach rochtain a bheith ann ar acmhainní digiteacha le go n-éireodh le cur i bhfeidhm na Nascmhodúl, go háirithe i gcomhthéacs na punainne obair chúrsa. Shonraigh freagróirí gur fadhb shuntasach a bheidh sa bhrú breise a chuirfear ar infhaighteacht na n-acmhainní seo mar gheall ar thabhairt isteach na gComhphárteanna Measúnaithe sa Bhreis sa tsraith shinsearach. Ar a bharr sin, shonraigh roinnt freagróirí freisin gur dúshlán suntasach atá sa chothromas idir scoileanna, toisc go mbíonn scoileanna éagsúla in ann leibhéal éagsúla de rochtain ar acmhainní digiteacha a chur ar fáil. Chuir roinnt daoine síos d'acmhainní breise, i riocht uaireanta leithdháilte teagasc agus méadú ar uaireanta an chloig don chomhairleoir gairmthreorach nó don fhoireann gairmthreorach, gur toisc thábhachtach é i gcur i bhfeidhm rathúil na Nascmhodúl athfhorbartha.

*Timetabling team teachers is very difficult and particularly the role of the Guidance Counsellor cannot take any more, particularly in schools with one guidance teacher and number of around 500 students (Suirbhé ar líne).*

## Cuid 3: Conclúid agus na chéad chéimeanna eile

Spreag an comhairliúchán ar na Cáipéisí Eolais agus Treoracha le haghaidh athfhorbairt na n-ábhar i dtráinse 2 aiseolas fiúntach ó éagsúlacht de dhearcthaí. Aithnítear rannpháirtíocht a ghlac páirt sa comhairliúchán agus tá CNCM buíoch as an aiseolas oscailte, ionraic, tiomanta, bunaithe, sainiúil agus bunaithe ar thaithí

Tugadh léargas sa tuarascáil seo ar réimse na dtuairimí agus na ndearcthaí a d'eascair as an aiseolas ón gcomhairliúchán. Tá go leor den aiseolas seo ag teacht lenar chualathas le linn na gcuairteanna agus treisíonn é go deimhin, toisc gur chabhraigh an t-aiseolas le múnlú gach ceann de na Cáipéisí Eolais agus Treoracha. Tabharfaidh an t-aiseolas atá leagtha amach sa tuarascáil seo treoir agus stiúir do na meithleacha forbartha a tugadh le chéile níos luaithe i mbliana chun tabhairt faoi shonraíochtaí nua a fhorbairt do na hábhair i dtráinse 2. Leanfar d'obair na meithleacha forbartha, agus an t-aiseolas atá leagtha amach sa tuarascáil seo mar bhonn eolais acu, agus táthar ag súil le go mbeidh dréachtshonraíocht churaclaim do gach ábhar ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí i R1 de 2025.

## Tagairtí

An Roinn Oideachais (2022) *Fógraíonn an tAire Foley plean le haghaidh athchóiriú oideachas na Sraithe Sinsearaí - Cothromas agus Sármhaitheas do*

Chách <https://www.gov.ie/ga/preasraitis/fograionn-an-taire-foley-plean-le-haghaidh-athchoiriu-oideachas-na-sraithe-sinsearai-cothromas-agus-sarmhaitheas-do-chach/?>

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2024a) *Cáipéis Eolais agus Treoir don Athbhreithniú ar Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta*, Baile Átha Cliath, CNCM, [ar líne] ar fáil ag <https://ncca.ie/media/znletgp/c%3%A1ip%3%A9is-eolais-agus-treoir-don-athbhreithni%3%BA-ar-chuntasa%3%ADocht-na-hardteistim%3%A9ireachta.pdf>

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2024b) *Cáipéis Eolais agus Treoir don Athbhreithniú ar Staidéar Foirgníochta na hArdteistiméireachta*, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] ar fáil ag <https://ncca.ie/media/hxhikqf4/c%3%A1ip%3%A9is-eolais-agus-treoir-don-athbhreithni%3%BA-ar-staid%3%A9ar-foirgn%3%ADochta-na-hardteistim%3%A9ireachta.pdf>

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2024c) *Cáipéis Eolais agus Treoir don Athbhreithniú ar Innealtóireacht na hArdteistiméireachta*, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] ar fáil ag <https://ncca.ie/media/smenfpng/c%3%A1ip%3%A9is-eolais-agus-treoir-don-athbhreithni%3%BA-ar-innealt%3%B3ireacht-na-hardteistim%3%A9ireachta.pdf>

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2024d) *Cáipéis Eolais agus Treoir don Athbhreithniú ar Bhéarla na hArdteistiméireachta*, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] ar fáil ag <https://ncca.ie/media/1h2fhpr4/c%3%A1ip%3%A9is-eolais-agus-treoir-don-athbhreithni%3%BA-ar-bh%3%A9arla-na-hardteistim%3%A9ireachta.pdf>

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2024e) *Cáipéis Eolais agus Treoir don Athbhreithniú ar Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta*, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] ar fáil ag [https://ncca.ie/media/a2rofeno/tireolaíocht-na-hardteistiméireachta\\_cáipéis-eolais-agus-treoir-don-athbhreithniú.pdf](https://ncca.ie/media/a2rofeno/tireolaíocht-na-hardteistiméireachta_cáipéis-eolais-agus-treoir-don-athbhreithniú.pdf)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2024f) *Cáipéis Eolais agus Treoir don Athbhreithniú ar Nascmhodúil Ghairmchlár na hArdteistiméireachta*, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] ar fáil ag <https://ncca.ie/media/whule10n/c%3%A1ip%3%A9is-eolais-agus-treoir-don-athbhreithni%3%BA-ar-nascmhod%3%BAil-ghairmchl%3%A1r-na-hardteistim%3%A9ireachta.pdf>

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2023) *Beartas Cosanta Sonraí*, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] ar fáil [https://ncca.ie/media/od2o2orc/beartas-cosanta-sonra%3%AD-cncm\\_2023.pdf](https://ncca.ie/media/od2o2orc/beartas-cosanta-sonra%3%AD-cncm_2023.pdf)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2023) *Straitéis Taighde*, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] ar fáil ag <https://ncca.ie/ga/resources/straiteis-taighde-2023-2026/>

Téann ceantásc anseo. Go hiondúil teideal na cáipéise. Cliceáil faoi dhó chun cur in eagar.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2022) *Tuarascáil Chomhairleach ar an tSraith Shinsearach*, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] ar fáil ag [https://ncca.ie/media/5400/scr-advisory-report\\_ga.pdf](https://ncca.ie/media/5400/scr-advisory-report_ga.pdf)





**NCCA**

An Chomhairle Náisiúnta  
Curacláim agus Measúnachta  
National Council for  
Curriculum and Assessment